**Ciorclán 0045/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Bearta breise atá le déanamh sa scoilbhliain 2021/22 chun tacú le scoileanna agus le daltaí/scoláirí maolú a dhéanamh ar an gcur isteach ar an oideachas ionscoile de dheasca Covid-19

## Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19 (CLASS)

Tá clár nua ar a dtugtar Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19 á chur i bhfeidhm chun tacú le scoileanna maolú a dhéanamh ar an drochthionchar a bhí ag Covid-19 ar fhoghlaim agus folláine daltaí/scoláirí de dheasca na dtréimhsí dúnta scoile sna blianta 2020 agus 2021.

Cuimsíonn an clár nua dhá phríomhghné, is iad sin:

- Uaireanta teagaisc breise a sholáthar do scoileanna chun tacú leo aghaidh a thabhairt ar an gcaillteanas foghlama i measc daltaí/scoláirí de dheasca tréimhsí dúnta scoile
- Deiseanna a thabhairt do scoileanna cleachtas a chomhroinnt, ar cleachtas é a mheastar a bheith ar an gceann is éifeachtaí maidir le caillteanas foghlama i measc daltaí/scoláirí a mhaolú

Tá mionsonraí faoi na gnéithe sin den chlár leagtha amach thíos.

Faoin gclár, tá uaireanta breise teagaisc á soláthar do scoileanna don scoilbhliain 2021/22 mar leithdháileadh sealadach aonuaire.

Tá mionsonraí faoin líon uaireanta breise atá á soláthar do scoileanna mar chuid den chlár agus faoi na critéir is infheidhme maidir leis na huaireanta sin a úsáid leagtha amach i Rannán 2 thíos.

Féadfaidh scoileanna an leithdháileadh aonuaire sin a úsáid chun tacaíocht teagaisc bhreise a thabhairt do dhaltaí/scoláirí atá, dar leis an scoil, i mbaol méadaithe caillteanas foghlama agus/nó i mbaol luathfhágáil scoile de dheasca Covid-19.

Soláthrófar treoir do scoileanna freisin maidir leis an mbealach is fearr chun na huaireanta teagaisc breise a úsáid, mar aon le mionsonraí faoi na bearta cuí rialaithe agus formhaoirseachta a theastaíonn i scoileanna.

Tá an treoir sin ar fáil ag:

Treoir (RANGA) do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta maidir le Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19:
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/571f9-sceim-foghlama-agus-tacaiochta-covid-class-treoir-do-bhunscoileanna-agus-scoileanna-speisialta/

Treoir (RANGA) d'Iar-bhunscoileanna maidir le Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19:
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/571f9-sceim-foghlama-agus-tacaiochta-covid-class-treoir-do-bhunscoileanna-agus-scoileanna-speisialta/

Mar atá leagtha amach sa Treoir:

- Ba chóir na hacmhainní breise atá ar fáil do scoileanna faoin gclár tacaíochta CLASS a úsáid do na daltaí sin a bhfuil tosaíocht tugtha ag scoileanna dóibh toisc go raibh an tionchar is mó ag COVID orthu, lena n-áirítear iad siúd nár thug an scoil iad faoi deara roimhe seo mar dhaltaí a raibh gá acu le tacaíochtaí breise
- Ba chóir na daltaí a dtugtar tosaíocht tacaíochta dóibh faoin gclár CLASS a aithint trí phróiseas comhoibritheach láidir scoile uile, ar bhealach fianaisebhunaithe ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil sa scoil
- Ba chóir na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaltaí atá ann cheana agus a bhfuil tosaíocht as an nua acu a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na ndaltaí sin ar bhealach ionchuimsitheach
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go ndéantar dul chun cinn daltaí a fhaigheann tacaíocht ó idirghabhálacha agus acmhainní CLASS a thomhas agus a thuairisciú.

Déanfar soláthar freisin do dheiseanna foghlama comhroinnte a thabhairt do scoileanna, le tacaíocht ón Roinn Oideachais, rud a chumasófar dóibh faisnéis a shainaithint agus a chomhroinnt faoi na nithe ar éirigh leo roimhe seo maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail rannpháirtíocht agus gnóthachtáil daltaí/scoláirí agus maidir le scoileanna a bhainistiú, agus iad ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach Covid-19 arís eile thar an scoilbhliain 2021/22. Eiseofar tuilleadh faisnéise ina leith sin níos déanaí sa téarma acadúil seo.

…..

## 1. Cúlra

De dheasca Covid-19, bhí foirgnimh scoile dúnta ar feadh tréimhsí sna blianta 2020 agus 2021. Beag beann ar na hiarrachtaí a rinneadh chun scoileanna a athoscailt a luaithe ab fhéidir agus ar an tosaíocht a tugadh don soláthar oideachais speisialta, aithnítear an cur isteach a bhí ann ar an bhfoghlaim thar an dá bhliain sin.

I dteannta na dtacaí suntasacha a soláthraíodh chun go bhféadfadh scoileanna oscailt i gcomhréir le treoirlínte sláinte agus sábháilteachta poiblí Covid-19, dhírigh an Roinn Oideachais ón tús ar acmhainní agus bearta breise a chur i bhfeidhm chun cabhrú le scoileanna tacú le gach dalta/scoláire, go háirithe daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad sin atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil.

Fianaise ar an méid sin is ea na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Treoir a fhoilsiú do mhúinteoirí chun tacú le daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus leo sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil sa timpeallacht ar líne
- Clár oideachais forlíontach a reáchtáil, rud inar soláthraíodh uaireanta teagaisc breise do dhaltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le linn na dtréimhsí dúnta scoile sa bhliain 2021, agus breis agus 14,000 duine de dhaltaí/scoláirí páirteach ann
- Borradh mór a chur faoin gClár Samhraidh sna blianta 2020 agus 2021.
- Cistiú Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthar go luath do scoileanna chun tacú leo gléasanna a thabhairt do scoláirí agus do theaghlaigh, nuair ba ghá.

Cé go bhfuil raon beart tacaíochta i bhfeidhm cheana féin sa chóras oideachais chun tacú leis na leanaí is mó gá, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, measann an Roinn go bhfuil sé tábhachtach an acmhainn riachtanach a thabhairt do scoileanna chun gur féidir leo tacaí a sholáthar ar bhonn níos leithne ar mhaithe le freastal ar na riachtanais atá ag na daltaí/na scoláirí aonair agus na grúpaí daltaí/scoláirí sin a ndearna Covid-19 an difear is mó dóibh.

Tá uaireanta teagaisc breise á leithdháileadh ar scoileanna don scoilbhliain 2021/2022 chun tacú leo maolú a dhéanamh ar an tionchar meántéarmach agus fadtéarmach a bheidh ag dúntaí scoile a bhaineann le Covid-19 ar eispéireas foghlama agus oideachasúil daltaí/scoláirí.

## 2. Tacaí Oideachais Breise do Scoileanna agus do Dhaltaí/Scoláirí don Scoilbhliain 2021/22

Faoin gclár, soláthrófar bloc uaireanta teagaisc breise do gach scoil. Féadfaidh scoileanna an bloc sin a úsáid chun tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do dhaltaí/scoláirí ina scoil atá ag déileáil le deacrachtaí maidir le socrú isteach sa scoil an athuair agus maidir le gabháil don fhoghlaim.

Is mar leithdháileadh sealadach aonuaire don scoilbhliain 2021/22 a sholáthrófar na huaireanta spriocdhírithe breise.

Tá na leithdháiltí teagaisc breise ar scoileanna bunaithe ar bhandaí rollaithe scoile, áit a soláthrófar leithdháiltí méadaithe do scoileanna speisialta agus do scoileanna atá páirteach sa scéim 'Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna' (DEIS) de chuid na Roinne.

Tá na sonraí rollaithe tógtha ó na rolluithe scoile don bhliain 2020/21, mar atá foilsithe ar an mBunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna agus ar an mBunachar Sonraí ar Líne d'Iar-bhunscoileanna.

Faoin gclár, gheobhaidh gach scoil 1.25 uair teagaisc sa bhreis do gach dalta/scoláire atá rollaithe, bunaithe ar lárphointe gach banda rollaithe, mar a leanas:

| | **Uaireanta Teagaisc Breise do Scoileanna Príomhshrutha in aghaidh na bliana** | **Méadú 10% ar Uaireanta Teagaisc do Scoileanna Príomhshrutha DEIS in aghaidh na bliana** | **Meánlíon Daltaí ag Lárphointe an Bhanda** | **Uaireanta Teagaisc Breise do Scoileanna Speisialta in aghaidh na bliana** |
|---|---|---|---|---|
| **1-50 Scoláire** | 31.25 | 34.38 | 25 | 125 |
| **51-100 Scoláire** | 93.75 | 103.13 | 75 | 375 |
| **101-200 Scoláire** | 187.50 | 206.25 | 150 | 750 |
| **201-400 Scoláire** | 375 | 412.50 | 300 | 1,500 |
| **401-600 Scoláire** | 625 | 687.50 | 500 | - |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **601-800 Scoláire** | 875 | 962.5 | 700 | - |
| **801-1000 Scoláire** | 1,125 | 1,237.50 | 900 | - |
| **1001+ Scoláire** | 1,200 | 1,320 | - | - |

- Is leithdháileadh aonuaire uaireanta páirtaimseartha iad na huaireanta RANGA.

- Ní mór na huaireanta teagaisc breise sin a sholáthar le linn an ghnáthlae scoile.

- Ós rud é go dteastóidh am ó scoileanna chun na riachtanais oideachais atá ag daltaí a shainaithint ar fhilleadh ar an scoil dóibh i mí Mheán Fómhair, beidh na huaireanta RANGA breise ar fáil lena n-úsáid i scoileanna ón 11 Deireadh Fómhair 2021.

- Féadfar na huaireanta a úsáid ag am ar bith tar éis an dáta sin i rith na scoilbhliana 2021/22.

- Is iad múinteoirí cláraithe amháin a fhéadfaidh na huaireanta teagaisc breise a sholáthar, ar múinteoirí iad:

  (1) Atá ar chonarthaí páirtaimseartha faoi láthair agus a fhéadfaidh uaireanta teagaisc breise a sholáthar ar feadh suas le lánseachtain teagaisc 25 huaire an chloig ar leibhéal na bunscoile nó ar feadh suas le lánseachtain teagaisc 22 uair an chloig ar leibhéal na hiar-bhunscoile
  Íocfar le múinteoirí den sórt sin ag a ráta pearsanta láithreach pá i leith aon uaireanta RANGA breise.

  (2) Atá fostaithe ag an scoil chun uaireanta teagaisc páirtaimseartha breise a sholáthar ar an modh céanna ina bhfostaíonn scoileanna múinteoirí ionaid.

  Íocfar le múinteoirí den sórt sin ag an ráta cuí in aghaidh na huaire le haghaidh múinteoirí ionaid, bunaithe ar a leibhéal cáilíochta, mar atá leagtha amach i gCiorclán 60/2020 ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ar leibhéal na bunscoile, leithdháilfear na huaireanta ar gach scoil tríd an gCóras Éileamh ar Líne faoin teideal '**Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19**' agus beidh siad ar fáil lena n-éileamh tríd an gCóras Éileamh ar Líne (OLCS).

Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, soláthrófar an leithdháileadh ar sceideal soláthar foirne gach scoile faoin teideal '**Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19**'

Eiseofar tuilleadh treorach do scoileanna roimh an 11ú Deireadh Fómhair, maidir leis an gcaoi ar féidir na huaireanta a éileamh trí OLCS.

## 3. Foghlaim Chomhroinnte

I dteannta uaireanta teagaisc breise a sholáthar, tacóidh an Roinn le scoileanna a gcuid foghlama a chomhroinnt lena chéile freisin. Ar an mbealach sin, beifear in ann faisnéis faoi na nithe ar éirigh leo caillteanas foghlama a mhaolú agus tacú le folláine le linn na paindéime a scaipeadh ar fud an chórais oideachais chun tairbhe do gach scoil agus gach dalta/scoláire. Soláthrófar tuilleadh faisnéise go luath.

## 4. Ceisteanna

Ba cheart ceisteanna maidir lena bhfuil sa Chiorclán seo a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: CLASSQueries@education.gov.ie

**Martina Mannion**
**Rúnaí Cúnta**